






PÁDRAIG NAOFA agus BEALACH SÍOCHÁNA ÍOSA CRÍOST



Leabhar do PHÁISTÍ agus do DHÉAGÓIRÍ



Braighdeanach, Sclábhaí, Sagart, Easpag, Aspal na hÉireann c.390-461



Scríofa ag Máire Mhic Fhearghusa MREdP agus Bunaithe ar Scríbhinní Phádraig Naofa.

N.B. Do Dháileadh Saor in Aisce amháin

Tá an Leabhar Pictiúr seo le feiceáil as Gaeilge agus as Béarla AR LÍNE.

Féach: www.LeabharPhadraig.ie agus ar www.StPatrickPeacemaker.ie

Pádraig Naofa agus Bealach Síochána Íosa Críost

Clár an Leabhair Iomláin

A.	CUID a hAON	DO PHÁISTÍ	PÁDRAIG NAOFA agus ÍOSA CRÍOST  ~SCÉAL LÉIRITHE LE PICTIÚIR
B.	CUID a DÓ	DO DHÉAGÓIRÍ	SCRÍBHINNÍ PHÁDRAIG NAOFA  Agus BEALACH SÍOCHÁNA ÍOSA CRÍOST

Ar fáil as Gaeilge agus as Béarla
ar www.LeabharPhadraig.ie agus ar www.StPatrickPeaceMaker.ie

Available in English and in Irish
on www.StPatrickPeaceMaker.ie and on www.LeabharPhadraig.ie

Beidh an-Fháilte roimh Aistriúcháin go Teangacha Eile!
Déan teagmháil le do thoil le Máire ag leabharphadraig@outlook.com.

LÉIGH
LEABHAR
LE DO
PHÁISTE



PÁDRAIG NAOFA AGUS ÍOSA CRÍOST

CUID a hAON: DO PHÁISTÍ




INIS
SCÉAL Ó
NA
PICTIÚIR

Pádraig
Naofa
agus
Bealach
Síochána
Íosa
Críost
Leabhar
Pictiúr
i nDá
Pháirt:
do Pháistí
agus do
Dhéagóirí.

PÁDRAIG NAOFA agus ÍOSA CRÍOST

~Scéal Léirithe Le Pictiúir



Scríofa ag Máire Mhic Fhearghusa agus Bunaithe ar Scríbhinní Phádraig Naofa.
Ar fáil freisin as BÉARLA agus go DHÁ-THEANGACH (Gaeilge-Béarla).

Sean-
phéintéireacht
de
Phádraig Naofa
in éadaí
searmanais.



Ach níor chaith
easpaig caipíní
mar seo le linn
aimsir Phádraig.

A.	CLÁR do CHUID a hAON		DO PHÁISTÍ
1.	Caibidil a hAon	Pádraig Naofa mar Bhuachaill sa Bhreatain	5-12
2.	Caibidil a Dó	Pádraig mar Sclábhaí in Éirinn	13-15
3.	Caibidil a Trí	Éalú ón Sclábhaíocht	16-20
4.	Caibidil a Ceathair	Pádraig ar ais sa Bhreatain agus thall sa bhFrainc	21-25
5.	Caibidil a Cúig	Cad a mhúin Pádraig do na Gaeil?	26-28
6.	Caibidil a Sé	Cad a rinne Pádraig mar mhisinéir?	29-37
7.	Caibidil a Seacht	Litir Phádraig go Saighdiúirí Choroticus	38-40
8.	Caibidil a hOcht	Oidhreacht Phádraig: Na Mainistreacha	41-49
9.	Caibidil a Naoi	Áiteanna agus Nósanna a luaitear le Pádraig	50-53

N.B. NÍL an Leabhar Seo Le Dáileadh ach Saor in Aisce.

1. Caibidil a hAon Pádraig Naofa mar Bhuachaill sa Bhreatain

Léarscáil d'Éirinn agus den Bhreatain


AD 43 - c.410



le linn
Ré Impireacht na Rómhánach

Coilíneachtaí Éireannacha sa Bhreatain

Irish Colonies in Britain,
5th century AD



This map was created for The Ireland Story. This map may be used elsewhere provided a link is given to www.irelandstory.com, the site is non-profit and the map is unmodified.

Sa 5ú haois tar éis
Bhreith Chríost

Rugadh Pádraig Naofa
sa Bhreatain ceithre
chéad bliain tar éis
bhreith Íosa Críost




Madonna and Child painting
©Ruth Sanderson

Breith Íosa Críost



Breatnaigh
Rómhánacha ab
ea tuismitheoirí
Phádraig.



Calpornius
agus
Conchessa ab
ainm dóibh.

Ceaptar gur chónaigh
siad i Somerset i
ndeisceart Shasana.



SOMERSET

Bhí athair
Phádraig ina
chomhairleoir
baile
Rómhánach.



Bhí teach breá
agus talamh aige
lasmuigh den
bhaile.

Labhair teaghlach
Phádraig Laidin faoi
mar a rinne na
Rómhánaigh.



D'fhoghlaim
Pádraig conas
Laidin a léamh
agus a scríobh.

Bhí seirbhísigh
ag obair dá
athair.



Labhair siad
Luath-Bhreatnais.



Theastaigh ó
mhuintir
Phádraig grá a
thabhairt do
dhaoine eile




faoi mar a rinne Íosa.



Thug siad airgead,
bia



Agus dídean




do dhaoine bochta.


Ghuídís
chun Dé



sa bhaile



agus sa séipéal.



Potitus ab ainm do
shean-athair
Phádraig.




Sagart ab ea é.



Cheiliúradh sé an
Suipéar Deireanach
i gcuimhne Íosa.

Chabhraigh
Calpornius,
athair
Phádraig,
le Potitus



mar
dheagánach



sa séipéal.

Chuir siad ola bheannaithe
ar dhaoine
a bhí ag fáil bháis,



Agus d'iarr siad ar Dhia
a n-anam a thabhairt
chun na flaitheas.




Díreach sular
rugadh Pádraig,
d'fhógair an
t-Impire Rómhánach
Theodosius




gurb í an
Chríostaíocht
creideamh oifigiúil
na Róimhe.

Nuair a bhí Pádraig
ina dhéagóir,
níor chreid sé i nDia,



Agus níor theastaigh uaidh guí
chuig Íosa Críost.

Ba phágánaigh
iad a lán
daoine a
chónaigh in
aice le
Pádraig.



Chreideadar
i ndéithe bréige
ar nós
na gréine.

Bhí Impireacht
na Róimhe
faoi ionsaí




sa Bhreatain.



Éire agus an Bhreatain

D'ionsaíodh
Gaeil ó Éirinn,
maraon le Gaeil
agus Pictigh ó Albain,

Irish Colonies in Britain,
5th century AD



This map was created for The Ireland Story. This map may be used elsewhere provided a link is given to www.irelandstory.com, the site is non-profit and the map is unmodified.

na Breatnaigh
Rómhánacha.

Mharaídís
Breatnaigh
Rómhánacha.



Ghabhaidís cuid
eile acu



agus
dhíolaidís iad
mar
sclábhaithe.

Lá amháin
tháinig
creachairí
Éireannacha
fíochmhara.



Éire agus an Bhreatain



D'ionsaigh siad
baile Phádraig.

Mharaigh siad
cuid de na seirbhísigh
agus ghabh siad
cuid eile acu.



Gabhadh Pádraig freisin.




Ní raibh sé ach
sé bhliana déag d'aois.

Sracadh
Pádraig
agus na
braighdeanaigh
eile go dtí
na báid.



Tugadh go
hÉirinn iad.



Braighdeanaigh

2.

Caibidil a Dó

Pádraig Naofa mar Sclábhaí in Éirinn

Díoladh
Pádraig

Éire



Ireland

Ireland



and Britain



mar sclábhaí.

Cuireadh Pádraig ag
buachailleacht tréad




TRÉAD CAORACH



TRÉAD MUC

ar thaobh sléibhe.

Bhí a shaol go
hainnis ar dtúis.




Ba bheag ná gur
thit sé as a
sheasamh go
minic le hocras
agus leis an
bhfuacht.

Bhí uaigneas
ar Phádraig.



Bhí sé i bhfad amach
óna bhaile agus óna
mhuintir.

De réir a
chéile chas
Pádraig ar
Dhia arís.



Ghuíodh sé chun
Dé go minic i
rith an lae agus
i rith na hoíche.



Diaidh ar ndiaidh
mhéadaigh ar
ghrá Phádraig
do Dhia



Dúirt Íosa:


"Nuair a fheiceann sibh
mise, feiceann sibh An t-
Athair."

agus méadaigh
ar a umhlaíocht Dó.

Neartaigh creideamh
Phádraig i nDia.



Bhí an Spiorad Naomh
istigh ina chroí agus ina
anam.



*Thuirling An Spiorad
Naomh ar nós teangacha
tine ar na hAspail fadó.*

Mhúsclaíodh
Pádraig roimh
bhreacadh an lae.



Théadh sé ag urnaí sa
sneachta,
sa sioc agus
sa bháisteach.

Cé go raibh
Pádraig
fós ina sclábhaí,
bhí a anam
saor i nDia.



Chosain Dia
Pádraig
agus thug Sé
sólás dó
ar nós athar.

Oíche amháin,
agus é ina
chodladh,



chuala
Pádraig guth
ag rá leis
go bhfillfeadh sé
ar a thír féin
go luath.

Ansin chuala sé an
guth ag rá:
"Féach,
tá do long réidh."
D'éalaigh sé leis
óna mháistir.



Shiúil sé dhá chéad
míle go dtí cuan
mar a raibh long ullamh
le seoladh.

Threoraigh
cumhacht
Dé é,



agus níor chuir
aon ní eagla air,



gur shroich sé
an long.

Labhair Pádraig
le foireann
na loinge.




Ar dtús ní ligfeadh
an captaen do
Phádraig dul ar
bord.



Bhí Pádraig ag guí
chun Dé



agus é ar a bhealach ar ais
chuig bothán.



Ansin chuala
sé fear ag
glaoch air.



Dúirt an fear
le Pádraig
filleadh
ar an long
láithreach.



Thug an
captaen
cead do
Phádraig
dul ar
bord.



Bhí ar
Phádraig
comhartha
cairdis a
léiriú don
fhoireann.

Chuir siad chun
seol láithreach.




Tar éis trí lá
bhaineadar
talamh amach.



Nuair a
thángadar
i dtír,



chailleadar a
slí ar feadh
sé lá déag.



D'éirigh siad
an-lag agus
bhí siad ag
fail bháis
leis an ocras.



D'iarr an
captaen ar
Phádraig guí
chun Dé, chun
go seolfadh Sé
bia chucu.

Dúirt Pádraig leo
go raibh an-chuid
bia ag Dia.



Go tobann rith tréad
thorc alta trasna an
chosáin rompu.

Mharaíodar a lán de
na toirc,
d'itheadar an fheoil,
agus ghlacadar sos ar
feadh
dhá lá.

Lean siad orthu ag siúl ansin
go dtí gur tháinig siad ar áit
ina raibh daoine ina gcónaí.



Is dócha go ndearna siad trádáil
leis na daoine sin.



Tar éis dó dhá mhí
a chaitheamh leis an
gcaptaen,



rinne Pádraig a bhealach
féin abhaile.



Bhí áthas an
domhain ar a
mhuintir é a
fheiceáil arís.




Thug siad
buíochas do
Dhia as ucht
Pádraig a
thabhairt
abhaile go
slán.



D'impíodar
air go
díograiseach
gan imeacht
uathu arís
feasta



tar éis a raibh
de chruatan
fulaingthe aige.




4. Caibidil a Ceathair

Pádraig ar ais sa Bhreatain agus thall sa bhFrainc

Theastaigh
ó Phádraig
an chuid eile
dá shaol
a chaitheamh
ag cabhrú
le daoine



agus ag guí
chun Dé.



Ansin oíche amháin
bhí fíis ag Pádraig.



Chonaic sé fear arbh
Victoricus a b'ainm dó
agus é mar bheadh sé
ag teacht ó Éirinn.



Bhí litreacha
gan chuimse leis.

Bhí 'glór na
nÉireannach'



scríofa ag barr na
litreach a thug sé
do Phádraig.



LITREACHA

Nuair a bhí Pádraig
á léamh b'fhacthas dó
gur chuala sé a nglór,



agus ba le hais Choill
Fhochlaid atá in aice na
farraige thiar a bhíodar.



Is mar seo a ghlaodar,
mar bheadh
d'aon ghuth:



"Iarraimid ort,
a bhuachail naofa,



teacht i leith
agus bheith ag siúl
athuair inár measc."



Agus tháinig
an-bhriseadh
croí ar
Phádraig
agus níor
fhéad sé a
thuilleadh a
léamh.



Ansin
dhúisigh sé.

Oíche eile
chuala
Pádraig
glórtha ag
glaoch air arís
go soiléar



cé nach raibh
sé in ann iad
a thuiscint.



Ansin chuala sé guth
ag rá leis ag
deireadh na hurnaí:



'An Té a thug a
anam thar do
cheann, is É atá ag
labhairt ionat.'

Agus leis sin
dhúisigh Pádraig



go lúcháireach.



Thosaigh
Pádraig ag
foghlaim
conas
Laidin a
scríobh
athuair.



Ba í an
Laidin teanga
na hEaglaise
ag an am.

Chuaigh Pádraig
go dtí Gaul,



nó an Fhrainc, mar a
tugtar air anois.



An Fhrainc

Ceaptar gur chaith sé
roinnt bhlianta ag
staidéar i mainistir



ar a tugtar Lérins.



Ghuigh
Pádraig
go
mbeadh
cead aige
dul ar ais
go hÉirinn
go luath



mar
shagart nó
mar
easpag.

Níor shíl na
heaspaig sa
Bhreatain
go raibh
Pádraig
maith
go leor



chun daoine
a mhúineadh
faoi Íosa
Críost.

Cheap na heaspaig freisin nach
mbeadh ó na Gaeil a saol a
chaitheamh ar nós Íosa.



Mar sin bhí ar Phádraig
fanúint tamall fada sular ceadaíodh
dó filleadh ar Éirinn.

5.


Caibidil a Cúig

Cad a mhúin Pádraig do na Gaeil?

D'inis Pádraig do dhaoine go bhfuil
Trí Pearsa in aon Dia amháin.



Dia
an t-Athair




Íosa Críost
Mac Dé



Dia an
Spiorad Naomh

Tugtar an Tríonóid Ró-Naofa ar na Trí Phearsa Dé.

Dia an
t-
Athair,
Dia
an Mac,



Agus
Dia an
Spiorad
Naomh.

TÁ TRÍ PHEARSA in AON DIA AMHÁIN.



1. Íosa Críost Mac Dé 2. Dia an t-Athair 3. Dia an Spiorad Naomh


AN TRÍONÓID RÓ-NAOFA

Tá an
seamróg
cosúil
leis
An
Tríonóid
Naofa:



Tá trí
dhuilleog
ar aon
ghas
amháin.

Dúirt Pádraig le daoine go raibh
Íosa Críost le teacht ar ais
ar domhain arís gan mhoill.



D'inis Pádraig dóibh go mbeadh
Íosa Críost mar bhreitheamh
ar bheo agus ar mhairbh.



Dúirt sé leo go dtabharfadh Íosa
Críost cúiteamh dúinn
de réir ár ngníomhartha.




Tugtar 'Uan Dé' ar Íosa Críost.


6. Caibidil a Sé

Cad a rinne Pádraig mar mhisinéir?

Cén sórt saoil
a bhí ag Pádraig
in Éirinn an uair seo?




Thaisteal Pádraig timpeall na
hÉireann go háirithe timpeall an
leath thuaidh den tír. Bhí Éire
roinnte i gcúig chúige ag an am.



Éire

Ba iad na daoine seo a bhí in uachtar an phobail in aimsir Phádraig:



**Taoiseach; Trodaithe Uaisle;
Fir Ealaíne: Ceardaithe, Baird, agus Draoithe.**

B'éigin do Phádraig airgead a íoc leis na taoisigh chun go ligfeadh siad dó dul isteach agus amach as a ríochta.



Ba mhinic a thaistéal clann mhac na dtaoiseach le
Pádraig chun go gcuirfí fáilte roimh Phádraig
pé áit a dtéadh sé.



D'inis Pádraig dóibh go raibh fuath ag Íosa Críost
don doirteadh fola agus don chreachadh.

Bhaist Pádraig na mílte duine



idir óg agus aosta,



idir shaibhir agus bhocht.

"Baistim thú
in ainm an Athar



agus an Mhic



I baptize you in the name
of the Father and of the Son
and of the Holy Spirit


agus an Spiorad Naoimh."

Chóineartaigh Pádraig na Críostaithe nua



go luath tar éis
dó iad a
bhaisteadh.


Seacht dTíolaic an Spioraid Naoimh






Eagna, Tuiscint, Comhairle,
Neart, Fios, Cráifeacht,
agus Eagla an Tiarna.



Bhunaigh Pádraig séipéil.



D'oirnigh sé sagairt.





**Ghlac Pádraig le mná óga,
a raibh uathu a mbeatha
a thíolaic do Dhia mar Shiúracha.**



**Ní bhíodh aithreacha págánacha
sásta áfach, mura raibh
a n-iníonacha Críostaí sásta pósadh.**



**Guíonn Siúracha agus cabhraíonn siad le daoine
bochta agus le daoine breoite.**



St. Brigid



Naomh Brigid na hÉireann

Bhí baol ann gach
lá go marófaí
Pádraig nó
go ngabhfaí mar
ghéibheannach
é arís.



Go deimhin,
rinneadh sclábhaí
de cúpla uair arís.

Ach ní raibh
eagla ar Phádraig
fúthu seo



de bharr geallúna
na bhflaitheas.

Chreid Pádraig
go bhfuil réim
ag Dia i ngach áit



agus go raibh
Dia ag tabhairt
aire Dó.



Bhí Pádraig go
hiomlán trína chéile



nuair a rinne
saighdiúirí Albanacha
ruathar creiche
ar chuid de Chríostaithe
nua-bhaiste Phádraig.

Mharaigh siad cuid de na
Críostaithe nua-bhaiste



Sciob siad leo
cuid eile acu.




Dhíol siad iad mar
sclábhaithe le daoine
nárbh Críostaithe iad.

Ba Gaeil
cuid de na
hAlbanaigh.



Saighdiúir Albanach

Scríobh
Pádraig litir
chuig na
saighdiúirí
Albanacha.




Corotícus ab
ainm dá
gceannasaí.
Breatnach ab
ea é.

Bhíodh Corotícus
ina Chríostaí
tráth.



Thug Pádraig
cuireadh do
Choroticus
a shaol a athrú
agus pionós
a chur air féin.

Sa litir seo
a scríobh Pádraig,



léirigh sé an cion a bhí
aige ar na Críostaithe
a bhí baiste aige.


Thug Íosa



"AN tAOIRE
MHAITH"
Air féin.



TÁ GRÁ AG ÍOSA



DO GACH DUINE.

Scríobh Pádraig é seo chuig
Saighdiúirí Choroticus:



"Is coir mharfach í an
tsaint.

NÁ SANTAIGH CUID
DO CHOMHARSAN.
NÁ MARAIGH.

Ní Féidir le Dúnmharfóir
Bheith i gCuideachta Chríost.
An té a bhfuil fuath aige dá
bhráthair, áirítear mar
dhúnmharfóir é.

Tugtar.



'Uain Dé' ar
Íosa Críost




Tugtar



'An Croí
Ró-Naofa'
ar Íosa freisin.


8. Caibidil a hOcht Oidhreacht Phádraig: Mainistreacha

Toisc gur chaith Pádraig blianta i mainistir sa bhFrainc, bhí meoin manaigh aige i leith an chreidimh Chríostaí.



Mar sin bhunaigh a lán de lucht leanúna Phádraig mainistreacha.

Níl anseo ach ainmneacha chuid de na mainistreacha a bunaíodh in Éirinn.



Guíonn manaigh agus canann siad iomainn.



Oibríonn siad agus cónaíonn siad i mainistreacha.

¹ <http://zap2it.com/2010/12/harmonious-monks-hbo2-profiles-austrias-top-ten-monks-of-gregorian-chant/>

Oibríonn cuid acu ar fheirm, i gcistin nó i scoil na mainistreach.



nó mar shiúinéirí, gaibhne, gréasaithe bróg nó mar iascairí.



Sna mainistreacha Ceilteacha fadó
d'oibrigh cuid de na manaigh ar lámhscríbhinní áille
i seomra ar a dtugtaí an 'scriptorium'.




Rinne siad cóipeanna de Leabhair na Soiscéal
agus de Leabhair Naofa eile.



Cóipeanna de Leathanaigh ón Leabhar Ceanannais.

Pictiúr de Mhuire,
Máthair Íosa,
agus den Leanbh Íosa



ón Leabhar Ceanannais

Litreacha ón Leabhar Ceanannais



Is féidir féachaint ar an Leabhar
Ceanannais sa Sean-Leabharlann
i gColáiste na Tríonóide
Baile Átha Cliath



agus ar líne:

<http://www.tcd.ie/Library/bookofkells/>

Siombail de na
Ceithre Soiscéalaithe:




Maitiú, Marcus, Lúcas agus Eoin.

Chuaigh a lán manach
Éireannach thar lear




chun Soiscéal Íosa Críost
a mhúineadh do dhaoine i
dtíortha eile na hEorpa.

Chuaigh Naomh Colm
Cille go dtí
na Gaeil agus na Pictigh



in Albain.

Chuaigh
Naomh Columbán
go dtí an Fhrainc,



go dtí na hAilp,
agus go dtí an Iodáil.

² "Saint Columba" by Vegansoldier - Flickr. Licensed under CC BY-SA 2.0 via Commons -
https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Saint_Columba.jpg#/media/File:Saint_Columba.jpg

³ Photograph of the Saint Columbanus Window in the crypt at the Abbey of Bobbio. See:
https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Saint_Columbanus_window_at_Abbey_of_Bobbio.jpg#/media/File:Saint_Columbanus_window_at_Abbey_of_Bobbio.jpg

Theastaigh ó roinnt manaigh guí chun Dé in áiteanna ar nós
Sceilg Mhíchíl, áiteanna iargúlta a bhí i bhfad ó dhaoine eile.



Mhair na manaigh ar Sceilg Mhíchíl i mbotháin beaga coirceogacha cloiche.
Tá Sceilg Mhíchíl marcáilte ar na léarscáil ar Leathanach 42.

Bhí sé chéad céim cloiche le dreapadh ag na manaigh ón gcuan ar
Sceilg Mhíchíl suas go dtí an mhainistir.



Rinneadh cuid den scannán "Star Wars" is deireanaí ar na Sceilg.



Má fhaireann tú ar an scannán seo

agus má fheiceann tú Na Sceilg,

CUIMHNIGH, le do thoil, gur CHRAOBHSCAOIL PÁDRAIG
NAOFA SOISCÉAL SÍOCHÁNA ÍOSA CRÍOST.

Deirtear go
bhfuil Pádraig
Naofa curtha
anseo i reilig
an ard-eaglais



i nDún
Phádraig,
Co an Dúin,
i dTuaisceart
Éireann.

Dún Phádraig



Co an Dúin, Tuaisceart Éireann



Sliabh Mis, Co Aontroma
Cheaptaí gur anseo a d'oibrigh
Pádraig mar sclábhaí.

Ceaptar anois gur



i bhFochail⁶
in aice le Cill Ala
i gContae Mhuigheo
a bhí Pádraig ag
obair mar sclábhaí
nuair a d'éalaigh
sé óna mháistir.

⁴ https://en.wikipedia.org/wiki/Saint_Patrick

⁵ https://en.wikipedia.org/wiki/Saint_Patrick

⁶ <http://www.logainm.ie/ga/34599>

Dreapann oilithrigh
go barr
Chruach Phádraig
ar an Domhnach
deireanach i mí Iúil.



Léitear Aifrinn
i rith an lae ar fad
ar bharr na cruaiche.

Cruach Phádraig
Contae Mhuigheo



Ar a dtugtar
'An Chruach'



(nó 'The Reek' as Béarla).⁷

An Séipéal



8

ar bharr
Chruach Phádraig



Contae Mhuigheo

⁷ https://en.wikipedia.org/wiki/Croagh_Patrick

⁸ <http://www.mayo-ireland.ie/en/welcome.html>

PURGÓID PHÁDRAIG NAOFA



~Oileán Oilithreachta
ar LOCH DEARG



Contae Dhún na nGall



Tá oilithrigh ag teacht anseo
le breis agus míle bliain.



Déanann siad troscadh, guíonn siad agus
siúlann siad thart cosnóchta.

Ionad tearmainn do aon duine a bhí i dtrioblóid
a bhíodh sa cheantar mór-thimpeall fadó.

Aguisíní: Cóipchearta, Buíochas agus Íomhánna

Lch	Íomhá	Buíochas	Sonraithe Teagmhála agus Cead Faighte
<p><i>Cuid a hAon,</i> <i>Lch 6</i></p>	 <p><i>Muire agus An Leambh</i></p>	<p><i>Madonna and Child</i> <i>painting</i> ©Ruth Sanderson</p>	<p>Ruth Sanderson (ruthsanderson@icloud.com) ruth@ruthsanderson.com Ríomhphost ó Ruth Anderson 27 Eanáir 2016</p>
<p><i>Cuid a hAon,</i> <i>Lch 3</i></p>	 <p><i>Pádraig Naofa na hÉireann</i></p>	<p><i>St Patrick of Ireland</i> ©Declan Waters, Holy Love, Knock</p>	<p>Ríomhphost ó watersdeclan@gmail.com 9 Feabhra 2016 Naomh Pádraig na hÉireann ©Declan Waters, Grá Naofa, Cnoc Mhuire, Co Muigheo</p>

Fógra faoi Chóipchirt do na hÍomhánna sa Leabhar seo

16 Meitheamh 2016

N. B. Níl i gceist cur isteach ar chóipcheart.

Má chuireann sealbhóir cóipchearta é féin nó í féin in aithne,

Agus MURA dtugann an sealbhóir cóipchearta

cead an t-íomhá sin a úsáid saor in aisce

ar na suímh ghréasáin seo www.LeabharPhadraig.ie

agus ar www.StPatrickPeaceMaker.ie,

tógfar anuas an t-íomhá sin den dá shuíomh gréasáin sin.

Tá fíor-fháilte roimh thabhartais de íomhánna ó ealaíontóirí
agus roimh thairiscintí an leabhar a mhaisiú.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le Máire Mhic Fhearghusa
ag an seoladh ríomhphoist LeabharPhadraig@outlook.com

Seoladh: 191 Bóthar Shéamuis, Na Glaschnoic, Baile Bhailcín,
Baile Átha Cliath 12, D12X5F9

GUTHÁN: 00353 (0) 85 7396489; 00353 (0) 1 4567464